

Cúrsaí Cuimsitheacha (Complete Courses)

Teideal: *Turas Teanga*

Úda(i)r: Ó Dónaill, Éamonn

Cur síos: Is cúrsa ilmheán é *Turas Teanga* atá dírithe ar fhoghlaimoirí Gaeilge **ag an mheánleibhéal**. Bhí sraith teilifíse i gceist ina raibh 20 páirt agus craoladh é seo ar RTÉ sa chéad chuid de 2004. Tá na cláracha sin le fáil anois ar DVD agus tá na gnéithe seo a leanas sa chúrsa chomh maith: leabhar (arna fhoilsiú ag Gill and Macmillan), trí dhlúthdhiosca, suíomh gréasáin (www.rte.ie/tv/turasteanga).

Foilsitheoir: RTÉ/ Gill and Macmillan

Teideal: *Gaeilge agus Fáilte*

Úda(i)r: Byrne, Annette

Cur síos: Cúrsa atá dírithe orthu siúd **nach bhfuil aon Ghaeilge acu**. Tá leabhar 200 leathanach agus dhá chaiséad fuaimne 60 nóiméad i gceist sa chúrsa seo.

Description: Aimed at those with no Irish. A 200-page book and two 60-minute cassettes.

Foilsitheoir: ITÉ/Gael-Linn (2001)

Teideal: *Now You're Talking*

Úda(i)r: Ó Dónaill, Éamonn & Ní Churraighín, Deirbhile

Cur síos: Is cúrsa nua-aimseartha ilmheán é 'Now You're Talking' atá dírithe orthu siúd **nach bhfuil aon Ghaeilge acu** agus orthu siúd a bhfuil buneolas acu ar an teanga. Tá sé bunaithe ar an tsraith teilifíse den ainm céanna a taispeánadh ar RTÉ agus ar an BBC roinnt blianta ó shin. Chomh maith le leabhar ildaite, tá cúig chaiséad sa chúrsa seo agus is féidir físteipeanna a cheannach freisin ón Iontaobhas Ultach i mBéal Feirste.

Description: Modern multi-media course aimed at those with no basic Irish or no Irish at all. Based on the eponymous TV series. Apart from a full-colour book there are 5 audio cassettes and it is possible to buy video cassettes from the Iontaobhas Ultach in Belfast.

Foilsitheoir: Gael Media (1995)

Teideal: *Speaking Irish – An Ghaeilge Bheo*

Úda(i)r: Ní Mhaonaigh, Siuán & Mac Lochlainn, Antain

Cur síos: Pacáiste foghlama d'fhoghlaimoirí atá **ag an mheánleibhéal nó ag an ardleibhéal**. Tá DVD ann ar a bhfuil os cionn 45 agallamh ar fad a chlúdaíonn fiche téama ar leith. Tá leabhar leis an DVD ina bhfuil téacs na n-agallamh go léir, chomh maith le nótaí foclóra, foghraíochta agus cultúrtha agus treoir faoi phointí gramadaí a mbíonn deacrachtaí ag foghlaimoirí leo. Is féidir le múinteoirí leas a bhaint as na bileoga saothair don seomra ranga atá le fáil le híoslódáil saor in aisce ó www.mhprofessional.com.

Foilsitheoir: McGraw Hill (2008)

Teideal: *Cúrsa Closamharc Gaeilge*

Úda(i)r: Mac Gabhann, Risteard

Cur síos: Cúrsa closamhairc féinteagaisc i nGaeilge do dhaoine fásta. Tá sé dírithe ar thosaitheoirí nó ar dhaoine ar bheagán Gaeilge agus tá sé bunaithe ar chanúint Ghaeltacht Dhún na nGall. Leabhar agus caiséid (caitear iad a cheannach in éineacht).

Description: Self-study audio-visual course for adults. Aimed at those with little or no Irish. Donegal dialect.

Foilsitheoir: Andersonstown News, Béal Feirste (1975; 4ú heag: 1987)

Teideal: *Tús Maith*

Úda(i)r: Mac Gabhann, Risteard

Cur síos: Cúrsa féinteagaisc do dhaoine fásta, ina bhfuil fiche aonad ar fad. Tá sé dírithe ar thosaitheoirí nó ar dhaoine ar bheagán Gaeilge agus tá sé bunaithe ar chanúint Ghaeltacht Dhún na nGall. Chomh maith le leabhar an chúrsa, tá trí dhlúthdhiosca i gceist.

Description: Self-study course for adults with little or no Irish. Donegal dialect. Book with 3 CDs.

Foilsitheoir: Ogmios, 10 Bóthar Dhún an Chreagáin, Doire BT48 OAD

Teideal: *Irish is Fun*

Úda(i)r: Mac Póilín, Aodán

Cur síos: Leabhar greannmhar le ceachtanna grádaithe, cleachtaí, gramadach agus foclóir.

Foilsitheoir: Y Lolfa, An Bhreatain Bheag (1987)

Teideal: *Irish is Fun-tastic*

Úda(i)r: Ó Riain, Seán

Cur síos: Tógann an cúrsa seo ar an méid atá sa leabhar *Irish is Fun* le tuilleadh ceachtanna sa Ghaeilge labhartha.

Foilsitheoir: Y Lolfa (1990)

Teideal: *Lazy Way To Irish*

Úda(i)r: Ó Riain, Flann

Cur síos: Focail, abairtí agus frásaí bunúsacha i nGaeilge.

Foilsitheoir: Y Lolfa (1993)

Teideal: *Cogar*

Cur síos: Cúrsa i nGaeilge labhartha. Sraith foghlama Gaeilge dírithe ar thosaitheoirí agus orthu siúd ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Tá an cúrsa bunaithe ar shraith comhráite ar deineadh taifeadadh orthu i nGaeltacht Chonamara. 2 leabhar and 4 chaiséad.

Description: Course in spoken Irish for beginners or those who want to improve their Irish. Based on conversations recorded in Conamara. 2 books and 4 cassettes.

Foilsitheoir: RTÉ/Gael-Linn/ITÉ

Teideal: *Teach Yourself Irish*

Úda(i)r: Ó Sé, Diarmuid & Sheils, Joseph

Cur síos: Cúrsa iomlán do thosaitheoirí agus do dhaoine a d'fhoghlaim Gaeilge ar scoil ach nach raibh mórán deise acu í a labhairt ó shin i leith. Tá comhráite agus eolas faoin bhfoghraíocht le fáil ar chaiséad. Canúint na Mumhan.

Description: Complete course for beginners or adults who learnt Irish at school but haven't had an opportunity to speak it since then. Conversations and phonetics on an accompanying tape. Munster dialect.

Foilsitheoir: Hodder & Stoughton (eagrán nua 2002)

Teideal: *Learning Irish*

Úda(i)r: Ó Siadhail, Mícheál

Cur síos: Tá an cúrsa seo bunaithe ar chanúint Chois Fharráige in Iarthar Chontae na Gaillimhe. Tá caiséid ar fáil a mhúineann an córas foghraíochta agus a thacaíonn leis na téacsanna ar fad sa leabhar. Cuirtear cleachtaí ar fáil freisin. Baintear úsáid as an gcóras idirnáisiúnta foghraíochta sa chúrsa seo. Ceithre chaiséad

Foilsitheoir: Yale U.P. (1988; eagrán nua: 2006)

Teideal: *Irish for Beginners*

Úda(i)r: Wilkes, Angela

Cur síos: Leabhar taitneamhach ildaite a thugann blaiseadh den Ghaeilge do thosaitheoirí. Díritear ar ócáidí laethúla agus ar an nGaeilge bhunúsach. Mínítear gramadach nua go soiléir agus tá mórán deiseanna cleachtaidh ann.

Comhairleoirí teanga: Séamus Ó Cróinín & Michael Smith.

Description: Enjoyable full-colour book that provides a taste of Irish for beginners. Focuses on daily events in basic Irish. Clear explanations of grammar points and numerous opportunities for language practice.

Foilsitheoir: Usborne Language Guides (1989)

Gramadach (Grammar books)

Teideal: *Teach Yourself Irish Grammar*

Úda(i)r: Ó Dónaill, Éamonn

Cur síos: Leagtar béim sa ghraiméar cuimsitheach seo ar ghramadach úsáideach agus ar úsáid laethúil. Cuirtear na rialacha i láthair go simplí, i dteanga shothuigthe, agus seachnaítear téarmaíocht chasta. Tá cleachtaí le fáil i ngach aonad agus tá freagraí na gcleachtaí sin le fáil ag deireadh an leabhair. Oiriúnach **do ghlangosaitheoirí agus do dhaoine ag leibhéil níos airde.**

Description: Comprehensive grammar with an emphasis on everyday usage. Clear, comprehensible presentation of rules. Exercises with answers. Suitable for complete beginners and other levels.

Foilsitheoir: Hodder and Stoughton (2005)

Teideal: *Leabhar Gramadaí Gaeilge*

Úda(i)r: Mac Congáil, Nollaig

Cur síos: Is fada lucht foghlama na Gaeilge ag gearán nach gcuirtear rialacha gramadaí ina láthair ar bhealach díreach sothuigthe. Féachtar leis an scéal sin a leigheas sa leabhar gramadaí seo atá bunaithe ar rialacha gramadaí atá le fáil in *Foclóir Gaeilge-Béarla Néill Uí Dhónaill*.

Foilsitheoir: Cló Iar-Chonnachta (2002)

Teideal: *Irish Grammar Book*

Úda(i)r: Mac Congáil, Nollaig

Cur síos: Leagan Béarla den leabhar gramadaí thuasluaite.

Foilsitheoir: Cló Iar-Chonnachta (2004)

Teideal: *Cruinnscriobh na Gaeilge*

Úda(i)r: Mac Murchaidh, Ciarán

Cur síos: Gearrchúrsa praiticiúil i ngramadach agus i gcrúinnscriobh na Gaeilge atá sa saothar seo. Tá sé **dírthe go príomha ar an bhfochéimí Gaeilge** ach táthar ag súil go mbainfidh lucht foghlama agus lucht teagaisc araon leas agus tairbhe as. Tá roinnt mhaith cleachtaí ann le cuidiú leis an bhfoghlaimeoir dul i dtaithe ar phríomhstruchtúir agus ar phríomhréimsí gramadaí na Gaeilge. San eagrán nua, athchóirithe, méadaithe seo tá abhar agus cleachtaí breise agus leagan leictreonach den téacs mar áis don úsáideoir.

Foilsitheoir: Cois Life (2002; eagrán méadaithe 2004)

Teideal: *Úrchúrsa Gaeilge*

Úda(i)r: Ó Baoill, Dónall P. & Ó Rónáin, Conchúr

Cur síos: Leabhar gramadaí a dhíríonn isteach ar na fadhbanna is mó a bhíonn ag an bhfoghlaimeoir ar mian leis Gaeilge chruinn a scríobh. Tá roinnt ceachtanna úsáideacha ann. Tá an téacs go hiomlán as Gaeilge.

Foilsitheoir: Institiúid Teangeolaíochta Éireann (1980)

Teideal: *New Irish Grammar*

Úda(i)r: Na Bráithre Críostaí

Cur síos: Leabhar gramadaí ina bhfuil na míniúcháin i mBéarla.

Foilsithe: Baile Átha Cliath (1976)

Teideal: *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*

Úda(i)r: Na Bráithre Críostaí

Cur síos: D'fhoilsigh An Gúm leagan soiléir, nua, achóirithe den ghraiméar seo i 1999.

Foilsitheoir: An Gúm (1999)

Teideal: *Réchúrsa Gramadaí*

Úda(i)r: Mac Giolla Phádraig, Brian

Cur síos: Mostly in Irish. Examples of usage, extensive word lists, and paradigms or form changes for verbs and nouns.

Foilsitheoir: Brún agus Ó Nualláin (1980)

Teideal: *Gearrchúrsa Gramadaí*

Úda(i)r: Mac Giolla Phádraig, Brian

Cur síos: Leagan níos giorra den Réchúrsa Gramadaí. Go hiomlán i nGaeilge.

Foilsitheoir: Mac an Ghoill, Baile Átha Cliath (eagrán nua 1994)

Teideal: *Buntús Gramadaí*

Úda(i)r: Ó hÍomhair, Seán & Ó Broin, Risteárd

Cur síos: Treoir ghramadaí **do thosaitheoirí**. Go hiomlán i nGaeilge.

Description: Grammar guide for beginners. Entirely in Irish.

Foilsitheoir: Educational Company, Baile Átha Cliath (1984)

Teideal: *Irish Grammar: A Basic Handbook*

Úda(i)r: McGonagle, Noel

Cur síos: Cuireann an leabhar seo gramadach bhunúsach na Gaeilge ar fáil i mBéarla. Tá saoirse áirithe ag baint leis na ceachtanna - ní gá ord na gceachtanna a leanúint go docht, cé go bhfuil roinnt ceachtanna bunúsacha ag an tús a chaitear a leanúint.

Foilsitheoir: Cló Iar-Chonnachta (1988)

Teideal: *Gramadach gan Stró*

Úda(i)r: Éamonn Ó Dónaill

Cur síos: dírithe ar dhaoine a bhfuil **caighdeán réasúnta maith bainte amach acu sa Ghaeilge labhartha cheana féin** ach ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid gramadaí. Tá sé oiriúnach dóibh siúd nach dtuigeann leabhair ghramadaí de ghnáth agus a gcuireann rialacha casta mearbhall orthu.

Foilsitheoir: Gaelchultúr Teoranta (2008)

Teideal: *Briathra na Gaeilge*

Úda(i)r: Ó Murchú, Déaglán / Ó Murchú, Pádraig

Cur síos: Briathra rialta agus mírialta.

Foilsitheoir: Folens, Baile Átha Cliath

Teideal: *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*

Cur síos: Tá na rialacha a bhaineann leis an gcaighdeán oifigiúil leagtha amach sa leabhar seo.

Foilsitheoir: Oifig an tSoláthair (1979)

Foclóirí (Dictionaries)

Foilsitheoir: Oifig an tSoláthair (1ú foilsiúchán 1959, athfhoilsiú 1998)

Teideal: *English-Irish Dictionary*

Cur síos: Foclóir cuimsitheach Béarla-Gaeilge.

Eagarthóir(í): De Bhaldraithe, Tomás

Foilsitheoir: Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath 1977

Teideal: *Foclóir Gaeilge-Béarla*

Cur síos: Foclóir cuimsitheach Gaeilge-Béarla.

Eagarthóir(í): Ó Dónaill, Niall, agus de Bhaldraithe, Tomás

Foilsitheoir: HarperCollins

Teideal: *Collins Gem English-Irish, Irish-English Dictionary*

Cur síos: Tá os cionn 40,000 tagairt agus 60,000 aistriúchán, chomh maith le treoir ghramadaí san fhoclóir seo.

Foilsitheoir: Collins

Teideal: *Pocket Irish Dictionary*

Cur síos: Leagan níos mó den fhoclóir thuas.

Eagarthóir(í): Séamus Mac Mathúna, Ailbhe Ó Corráin; Fo-eagarthóir: Pádraig Ó Mianáin

Foilsitheoir: OUP

Teideal: *The Pocket Oxford Irish Dictionary*

Cur síos: Breis is 100,000 focal, frása agus aistriúchán.

Eagarthóir(í): Valerie Grundy agus Ó Cróinín, Breandán

Foilsitheoir: Ó Fallúin, Baile Átha Cliath 1967 (eagrán nua 1987)

Teideal: *Nuafhoclóir*

Cur síos: Foclóir Béarla-Gaeilge

Foilsitheoir: Comhlucht Oideachais na hÉireann, Baile Átha Cliath

Teideal: *Foclóir Béarla-Gaeilge/Gaeilge-Béarla*

Cur síos: Foclóir úsáideach don fhoghlaimeoir.

Eagarthóir(í): Ó Siochfhradha, Mícheál

Foilsitheoir: Appletree Press, Béal Feirste

Teideal: *Pocket Irish Dictionary*

Cur síos: Foclóir bunúsach Gaeilge.

Foilsitheoir: An Gúm, Baile Átha Cliath 1986

Teideal: *Foclóir Póca*

Cur síos: Foclóir Gaeilge-Béarla/Béarla-Gaeilge a bhfuil 30,000 focal ann, mar aon le

fuaimniú, téarmaíocht nua, táblaí briathra agus liostaí logainmneacha. Tá caiséal ar fáil chomh maith.

Eagarthóir(í): Ó Baoill, Dónall P.

Foilsitheoir: Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath 1981

Teideal: *Gearrfhoclóir Gaeilge-Béarla*

Cur síos: Leagan níos giorra é seo den fhoclóir Gaeilge-Béarla a cuireadh le chéile sa Roinn Oideachais, a foilsíodh i 1978, agus a chuir Niall Ó Dónaill in eagar.

Eagarthóir(í): An Roinn Oideachais

Foilsitheoir: Irish Texts Society, Baile Átha Cliath 1975

Teideal: *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*

Cur síos: Foclóir Gaeilge-Béarla a bhfuil an seanlitriú neamhchaighdeánaithe ann. An-úsáideach i gcomhair litríocht na Gaeilge a léamh.

Eagarthóir(í): Dinneen, Patrick S.

Foilsitheoir: Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath 1991.

Teideal: *An Foclóir Beag*

Cur síos: Tá isteach is amach le 13,000 focal mínithe san fhoclóir seo idir cheannfhocail agus fhocail eile atá bunaithe orthu sin, mar aon le heolas ar an ngramadach agus raidhse abairtí samplacha. Bheadh an foclóir seo oiriúnach mar bhunfhoclóir do dhaoine fásta.

Tá *An Foclóir Beag* ar fáil ar an idirlíon ag: www.csis.ul.ie/focloir

Eagarthóir(í): An Roinn Oideachais

Foilsitheoir: Fiontar, 200?

Teideal: *Foclóir Fiontar*

Cur síos: Specialist English-Irish and Irish-English dictionary covering business, finance and computing. Book comes with CD version in the dust jacket.

Eagarthóir(í): Uí Bhraonáin, Donla, agus Nic Pháidín, Caoilfhionn

Dlúthdhioscaí Léamh Amháin (CD-ROMs)

Is féidir na dlúthdhioscaí thíos a órdú ó na háiteanna seo a leanas:

www.cuplafocal.ie

<http://www.litriocht.com/shop/>

www.oideas-gael.com/siopa

Teideal: *Talk Now! Learn Irish*

Eurotalk Interactive. PC/Mac

Cur síos: Focail agus abairtí a chuirfidh ar chumas glantosaítheoirí bunús na teanga a thabhairt leo go sciobtha ar bhealach taitneamhach. Trí leas a bhaint as an deis taifeadta is féidir leis an tosaitheoir é féin a chur i gcomórtas leis an gcainteoir dúchais agus monatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn.

Cúrsa ar fáil ag an meánleibhéal chomh maith.

Teideal: *Speakwrite Gaeilge (Cuid 1, 2, 3)*

Cur síos: Cúrsa Gaeilge ar ríomhaire é seo atá ar fáil ar dhlúthdhiosca léamh amháin. Is ar labhairt agus ar éisteacht atá an bhéim.

Tuilleadh eolais : Mícheal Ó Flatharta, Áras Mháirtín Uí Chadhain, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. (091) 595101

Teideal: *EasyReader*

Cur síos: A multi-purpose Irish language tool for the Personal Computer. It's a dictionary, a grammar, a pronunciation tutor, an editor for written Irish text, a translation aid, and a framework for creating complete lessons for learners. EasyReader is a multi-purpose Irish language tool for the Personal Computer.

Tuilleadh eolais : <http://www.irishforlife.com/>